Easpa corpoideachais sna bunscoileanna

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chorpoideachas i mbunscoileanna in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén tábhacht atá ag baint le corpoideachas do pháistí bunscoile? Cad iad na háiseanna a mbíonn gá leo do ranganna corpoideachais? Cad iad na difríochtaí idir an méid aclaíochta a dhéanann páistí sa lá atá inniu ann i gcomparáid le paistí fiche bliain ó shin? (Smaoinigh ar bhia, taisteal, caithimh aimsire, srl.)

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. published
2. European Parliament _____
3. lack of facilities _____
4. equipment _____
5. sports halls _____
6. Department of Education _____
7. statement _____
8. funding _____
9. the report recommends _____
10. compulsory subject _____
11. training _____
12. tackle the problem _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a deir an tuarascáil atá foilsithe inniu faoi bhunscoileanna na hÉireann?

2. Cén freagra a thugann Cumann Múinteoirí na hÉireann ar an méid atá sa tuarascáil?

3. Cén fhadhb atá ag na bunscoileanna nach bhfuil hallaí spóirt acu?

4. Cé mhéid airgid a chuir an Roinn Oideachais ar fáil do bhunscoileanna anuraidh? Cén fáth gur cuireadh an t-airgead sin ar fáil?

5. Cad a mholann an tuarascáil chun an fhadhb a réiteach?

Ceist 4 ‘Deir an tuarascáil nach gcuirtear dóthain béime ar *mhúineadh an chorpoideachais* sna scoileanna.’
‘*De réir na tuarascála*, bíonn an leibhéal is ísle corpoideachais san Eoraip ó thaobh ama de ag bunscoileanna in Éirinn.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Ní féidir an corpoideachas a mhúineadh i gclós _____ nuair a bhíonn an aimsir fliuch. (an scoil)

2. Imríonn leanaí níos mó spóirt i rith _____. (an samhradh)

3. D’fhág Máire doras _____ ar oscailt agus d’éirigh leis na gadaithe dul isteach. (an teach)

4. Tá go leor siopaí móra i lár _____. (an chathair)

5. Nuair a chonaic an tiománaí an páiste ag rith amach, stop sé an carr i lár _____. (an tsráid)

Ceist 5 ‘Bíonn an leibhéal *is ísle* corpoideachais san Eoraip ó thaobh ama de ag bunscoileanna anseo.’

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí thíos a líonadh le sárchéim na haidiachta? Tá dhá cheann déanta daoibh.

1	leibhéal íseal	an leibhéal is ísle
2	sliabh ard	an sliabh is airde
3	lá fuar	
4	leabhar suimiúil	
5	béile deas	
6	cara maith	
7	bord mór	
8	féar glas	
9	bia blasta	
10	clár leadránach	
11	cathaoir chompordach	
12	seomra beag	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: An aontaíonn sibh leis an moladh sa tuarascáil gur cheart go mbeadh an corpoideachas mar ábhar éigeantach i ngach bunscoil? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. foilsithe
2. Parlaimint na hEorpa
3. easpa áiseanna
4. trealamh
5. hallaí spóirt
6. Roinn Oideachais
7. ráiteas
8. maoiniú
9. molann an tuarascáil
10. ábhar éigeantach
11. traenáil (*nó* oiliúint)
12. dul i ngleic leis an fhadhb

Ceist 3

1. Sa tuarascáil atá foilsithe inniu, cáintear bunscoileanna na tíre seo as a laghad corpoideachais a dhéantar iontu. Deir an tuarascáil nach gcuirtear dóthain béime ar mhúineadh an chorpoideachais sna scoileanna.

2. Easpa áiseanna agus infheistíochta is cúis leis an fhadhb, a deir Cumann Múinteoirí na hÉireann. Deir siad nach bhfuil an Roinn Oideachais ag déanamh go leor infheistíochta le háiseanna spóirt a chur ar fáil do na bunscoileanna.

3. Bíonn na bunscoileanna nach bhfuil hallaí spóirt acu ag brath go hiomlán ar an aimsir.

4. Cuireadh maoiniú de 2,000 euro ar fáil do gach bunscoil anuraidh le treallamh corpoideachais a chóiriú agus a cheannach.

5. Molann an tuarascáil gur cheart do chorpoideachas a bheith mar ábhar éigeantach sna scoileanna agus gur chóir traenáil mar is ceart a chur ar mhúinteoirí.

Ceist 4

An tuiseal ginideach uatha atá i gceist anseo.

1. i gclós na scoile
2. i rith an tsamhraidh
3. doras an tí
4. i lár na cathrach
5. i lár na sráide

Ceist 5

1	leibhéal íseal	an leibhéal is ísle
2	sliabh ard	an sliabh is airde
3	lá fuar	an lá is fuaire
4	leabhar suimiúil	an leabhar is suimiúla
5	béile deas	an béile is deise
6	cara maith	an cara is fearr
7	bord mór	an bord is mó
8	féar glas	an féar is glaise
9	bia blasta	an bia is blasta
10	clár leadránach	an clár is leadránaí
11	tolg compordach	an tolg is compordaí
12	seomra beag	an seomra is lú

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

I dtuarascáil atá foilsithe ag Parlaimint na hEorpa, cáintear bunscoileanna na tíre seo as a laghad corpoideachais a dhéantar iontu. Deir an tuarascáil nach gcuirtear dóthain béime ar mhúineadh an chorpoideachais sna scoileanna. Easpa áiseanna agus infheistíochta is cúis leis sin, a deir Cumann Múinteoirí Éireann. Tá tuilleadh faoin scéal ag Caoimhe Ní Chonchille.

Caoimhe Ní Chonchille

Níl ach 40% de bhunscoileanna na tíre seo ag déanamh a ngnótha ó thaobh an chorpoideachais de réir na tuarascála nua. Bíonn an leibhéal is ísle corpoideachais san Eoraip ó thaobh ama de ag bunscoileanna anseo agus níl go leor áiseanna agus trealamh ag 6 scoil as gach 10. Tá roinnt bunscoileanna nach bhfuil hallaí spóirt acu agus dá bhrí seo, bíonn siad ag brath go hiomlán ar an aimsir. Deir Cumann Muinteoirí na hÉireann nach bhfuil an Roinn Oideachais ag déanamh go leor infheistíochta le háiseanna spóirt a chur ar fáil do na bunscoileanna.

Urlabhraí ó Chumann Múinteoirí na hÉireann

Níl na háiseanna ar fáil. Tá muid ag brath ar an aimsir. Tá sé ag cur…ag tosnú ag cur báistí anois. Má tá tú thíos i scoil bheag, ní féidir corpoideachas a mhúineadh gan áiseanna a bheith agat, go háirithe sa tír atá againn agus an aimsir atá againn.

Caoimhe Ní Chonchille

I ráiteas a d'eisigh an Roinn Oideachais dúirt siad gur cuireadh maoiniú de 2,000 euro ar fáil do gach bunscoil anuraidh le trealamh corpoideachais a chóiriú agus a cheannach. Dúirt siad gur dearadh an curaclam corpoideachais ar an mbonn is go bhfuil leibhéalacha difriúla áiseanna ar fáil ó scoil go scoil. Molann an tuarascáil gur cheart do chorpoideachas a bheith mar ábhar éigeantach sna scoileanna agus gur chóir traenáil mar is ceart a chur ar mhúinteoirí, go háirithe iad siúd sna bunscoileanna le dul i ngleic leis an fhadhb seo.

Caoimhe Ní Chonchille, Nuacht TG4